Ciorclán 0016/2017

| |
|---|
| Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Boird Oideachais agus Oiliúna |

# Riachtanais reachtúla maidir le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach ar bhaill d'fhoirne teagaisc, fostaithe neamhtheagaisc agus daoine eile.

Tá an struchtúr seo a leanas ar an gciorclán seo:


1. **Cuspóir** ........ 1
2. **Sainmhínithe** ........ 2
3. **Ginearálta** ........ 4
4. **Grinnfhiosrúchán cúlghabhálach ar mhúinteoirí cláraithe** ........ 4
5. **Grinnfhiosrúchán cúlshabhálach fostaithe neamhtheagaisc agus daoine nach fostaithe iad** ........ 8
6. **Socruithe praiticiúla maidir le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach Múinteoirí Cláraithe** ........ 9
7. **Measúnú ar nochtaí le linn grinnfhiosrúchán cúlghabhálach** ........ 10
8. **Ceisteanna Coitianta** ........ 11
9. **Scaipeadh** ........ 11


## 1. Cuspóir

1.1 Is é cuspóir an chiorcláin seo aird na n-údarás scoile a dhíriú ar

a) na riachtanais reachtúla i ndáil le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach faoi alt 21 de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 (an tAcht Grinnfhiosrúcháin) ar bhaill den fhoireann teagaisc, den fhoireann neamhtheagaisc agus de dhaoine eile nach ndeachaigh faoi ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána roimhe seo agus a ghabhann d'obair ábhartha nó do ghníomhaíochtaí le leanaí nó daoine soghonta

**agus**

b) breac-chuntas a thabhairt ar na socruithe praiticiúla atá i bhfeidhm maidir le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach den sórt sin.

## 2. Sainmhínithe

Sa chiorclán seo, seachas nuair a theastaíonn a mhalairt ón gcomhthéacs, seo a leanas bríonna na bhfocal seo-

Ciallaíonn "**Biúró**" Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a bheidh freagrach ón 29 Aibreán 2016 as nochtadh grinnfhiosrúcháin reachtúla a eisiúint de réir an Achta Grinnfhiosrúcháin

Ciallaíonn "**leanbh**" duine faoi 18 mbliana d'aois.

Ciallaíonn "**BOO**" Bord Oideachais agus Oiliúna.

Ciallaíonn "**GCVU**" aonad náisiúnta an Gharda Síochána ar a dtugtar Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a bhí freagrach as torthaí grinnfhiosrúcháin a eisiúint sular bunaíodh an Biúró.

Ráiteas is ea "**toradh Grinnfhiosrúcháin GCVU**" a d'eisigh an GCVU roimh an 29 Aibreán 2016 ina bhfuil sonraí maidir le ciontuithe agus/nó ionchúisimh, má d'éirigh leo nó murar éirigh, ar feitheamh nó críochnaithe, a bhaineann le duine.

Ciallaíonn "**baill den fhoireann neamhtheagaisc**" fostaithe de chuid údaráis scoile nach múinteoirí cláraithe iad.

Tá ag "**múinteoir cláraithe**" an míniú a shanntar dó in Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001 go 2015.

Tá ag "**gníomhaíocht ábhartha**" an míniú a shanntar dó san Acht Grinnfhiosrúcháin agus áirítear air aon duine nó eagraíocht a fhostaíonn, a dhéanann conradh le, a shocraíonn nó a cheadaíonn do dhuine gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí ábhartha maidir le leanaí nó daoine soghonta.

Tá ag "**obair nó gníomhaíochtaí ábhartha**" an míniú a shanntar dó san Acht Grinnfhiosrúcháin agus áirítear air aon obair nó gníomhaíocht riachtanach a dhéanann duine nuair is cuid riachtanach agus rialta den obair nó den ghníomhaíocht sin fáil nó teagmháil a bheith ag an duine sin le leanaí nó daoine soghonta i scoil nó ionad oideachais aitheanta, taobh amuigh d'obair nó gníomhaíochta i dtaca le daoine soghonta in ionad oideachais nuair nach bhfuil san obair nó sa ghníomhaíocht sin ach obair nó gníomhaíocht atá teagmhasach d'obair nó do ghníomhaíochtaí a dhéantar i dtaca le daoine nach daoine soghonta iad.

Ciallaíonn "**údarás scoile**" an t-údarás bainistíochta ábhartha don scoil nó ionad oideachais lena

mbaineann m.sh. an BOO ábhartha i gcás scoileanna BOO agus bord bainistíochta/bainisteoir nó a chomhionann i gcás gach scoil /ionad oideachais eile.

Ciallaíonn "**faisnéis shonraithe**" i ndáil le duine atá faoi réir iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin faisnéis seachas ciontuithe coiriúla arna coinneáil ag an nGarda Síochána a thugann creideamh bona fide le fios go bhfuil baol sa duine sin do leanaí nó daoine soghonta.

Ciallaíonn "**litir ghrinnfhiosrúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta**" an litir arna eisiúint (roimh an 29 Aibreán 2016) ag an gComhairle Mhúinteoireachta le múinteoir cláraithe ina bhfuil an fhaisnéis a cuireadh ar fáil sa toradh grinnfhiosrúcháin ar fuair an Chomhairle ó GCVU i ndáil leis an múinteoir sin.

Ciallaíonn "**baill den fhoireann teagaisc**" fostaithe de chuid údaráis scoile ar múinteoirí cláraithe iad.

Ciallaíonn "**an tAcht Grinnfhiosrúcháin**" an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012 (Leanaí agus Daoine Soghonta) arna leasú ag an Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016 a dtugtar na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 orthu, leis.

Ciallaíonn "**nochtadh grinnfhiosrúcháin**" nochtadh a dhéanann an Biúró (tar éis an 29 Aibreán 2016) i ndáil le duine de réir alt 14 den Acht Grinnfhiosrúcháin agus lena n-áirítear sonraí an taifid choiriúil (más ann dó) a bhaineann le duine agus/nó ráiteas den fhaisnéis shonraithe (más ann dó) a bhaineann leis an duine sin. Áirítear le taifead coiriúil taifead de chiontuithe duine as aon chion coiriúil nó taifead d'aon chiontuithe ar feitheamh in aghaidh duine as aon chion coiriúil ach níl sonraí mhionchiontuithe áirithe ann arna leagan amach in alt 14A den Acht Grinnfhiosrúcháin.

tá an bhrí le "**duine soghonta**" a shanntar dó san Acht Grinnfhiosrúcháin agus ciallaíonn sé duine seachas leanbh a bhfuil míchumas, lagú nó neamhord ag gabháil dó atá de chineál is go gcuireann sé srian ar chumas an duine iad féin a chosaint in aghaidh dochair ó dhuine eile nó a mbíonn cúnamh uathu le gníomhaíochtaí laethúla.

## 3. Ginearálta

3.1 Is é príomhfhócas an chiorcláin seo alt 21 den Acht Grinnfhiosrúcháin a bhaineann le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach ar fhostaithe agus daoine eile nach ndearnadh grinnfhiosrúchán orthu roimhe seo agus a ghabhann d'obair nó do ghníomhaíochtaí ábhartha le daoine nó daoine soghonta.

3.2 De réir alt 21 den Acht Grinnfhiosrúcháin, tá forordaithe ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais nach mór iarratais ar ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach i gcás fostaithe agus daoine eile nár rinneadh grinnfhiosrúchán Garda orthu roimhe seo agus a ghabhann d'obair agus do ghníomhaíochtaí le leanaí nó daoine soghonta a bheith déanta faoin 31 Nollaig 2017.

3.3 Ní mór d'údaráis scoile a chinntiú, mar sin, go ndéanfar iarratais ar ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach i gcás fostaithe nó daoine eile a ghabhann d'obair nó do ghníomhaíocht ábhartha le leanaí nó daoine soghonta, agus nár cuireadh faoi ghrinnfhiosrúchán riamh roimhe sin, roimh an 31 Nollaig 2017. Ní mór d'údaráis scoile a chur san áireamh gur cion coiriúil é faillí a dhéanamh i gcomhlíonadh riachtanais grinnfhiosrúcháin cúlghabhálaigh an Achta, gan leithscéal réasúnta, ar féidir fíneáil de suas le €10,000 nó téarma príosúnachta de suas le 5 bliana nó an dá cheann in éineacht a ghearradh mar phionós ina leith.

3.4 Ba chóir a chur san áireamh nach gá grinnfhiosrúchán a dhéanamh faoi riachtanais ghrinnfhiosrúcháin cúlghabhálaigh an Achta ar dhuine ar iarradh toradh grinnfhiosrúcháin GCVU nó nochtadh Biúró ar a s(h)on cheana. I gcás múinteoir cláraithe, i gcás ina bhfuair údarás scoile litir ghrinnfhiosrúcháin cheana ón gComhairle Múinteoireachta i dtaca le múinteoir nó a bhfuil nochtadh Biúró faighte aige i dtaca leis an múinteoir (trí chlár leictreonach múinteoirí ar líne na Comhairle Múinteoireachta), ní gá don údarás scoile ábhartha an múinteoir sin a ghrinnfhiosrú faoi riachtanais ghrinnfhiosrúcháin cúlghabhálaigh an Achta.

3.5 Ní léirmhíniú dlíthiúil ar an Acht Grinnfhiosrúcháin é an ciorclán seo. Ná níl sé uileghabhálach ó thaobh forálacha agus riachtanais an Achta Grinnfhiosrúcháin a leagan amach. Tá sé de chúram ar udaráis scoile iad féin a chur ar an eolas mar gheall ar riachtanais an Acht Ghrinnfhiosrúcháin.

3.6 Ba chóir a chur san áireamh go bhfuil feidhm i gcónaí ag Ciorclán 0031/2016 agus ag na riachtanais reachtúla faoi alt 12 den Acht Grinnfhiosrúcháin maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána roimh d'údarás scoile dhuine a fhostú, a fhostú ar conradh, a cheadú nó socrúchán a thabhairt dóibh chun gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí ábhartha.

3.7 Ar leithligh ó riachtanais an Achta Ghrinnfhiosrúcháin, ní mór d'údaráis scoile a bheith ar an eolas i gcónaí maidir lena ndualgas cúraim faoin dlí sibhialta i leith a ndaltaí agus an gá atá le cleachtas stuama ó thaobh cosaint leanaí. Tá faisnéis i dtaca le measúnú ar nochtuithe grinnfhiosrúcháin leagtha amach i roinn 7 den chiorclán seo.

## 4. Grinnfhiosrúchán cúlghabhálach ar mhúinteoirí cláraithe

4.1 Déanfaidh an Chomhairle Múinteoireachta grinnfhiosrúchán cúlghabhálach ar gach múinteoir cláraithe nach ndearadh grinnfhiosrúchán ina leith roimhe seo le linn na hathnuachana

bliantúla ar chlárú. Tá i gceist ag an gComhairle Múinteoireachta iarraidh ar gach múinteoir cláraithe nár rinneadh grinnfhiosrúchán air roimhe seo dul faoi ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach faoi dheireadh mhí na Nollag 2017. Tá tús curtha ag an gComhairle Múinteoireachta le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach ar mhúinteoirí cláraithe den sórt sin agus leanfar de ar bhonn leanúnach go dtí deireadh 2017, de réir sceideal arna chinneadh ag an gComhairle Mhúinteoireachta chuige sin. Leagtar amach i roinn 6 den chiorclán seo na socruithe praiticiúla maidir le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach ar mhúinteoirí cláraithe a dhéanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta.

4.2 I gcás ina ndéanann an Chomhairle Múinteoireachta iarratas ar ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach maidir le múinteoir roimh an 31 Nollaig 2017, níl an t-údarás scoile faoi cheangal iarraidh ar an múinteoir i dtrácht dul faoi ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach chun críocha alt 21 de Acht Grinnfhiosrúcháin. Chun dúbailt iarratas ar ghrinnfhiosrúchán a seachaint níor chóir d'údaráis scoile iarraidh ar mhúinteoirí cláraithe nár grinnfhiosraíodh roimhe seo iarratas a dhéanamh ar ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach ach fanacht ar ghrinnfhiosrúchán na Comhairle Múinteoireachta ar mhúinteoirí den sórt sin. **Ba choir d'údaráis scoile gach beart ábhartha atá leagtha amach in ailt 4.7 go 4.11 thíos a chur i gcrích.**

4.3 **Múinteoirí cláraithe ar iarr an Chomhairle Múinteoireachta orthu dul faoi ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach, ba chóir dóibh na bearta atá leagtha amach ag alt 4.12 den chiorclán seo a chur i gcrích.**

4.4 Ba chóir d'údaráis scoile agus múinteoirí cláraithe a bheith ar an eolas go gcuimsítear sna hAchtanna um Chomhairle Múinteoireachta 2001 go 2015 forálacha maidir leo seo a leanas:

(a) Féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta nochtadh grinnfhiosrúcháin a lorg i gcás múinteoir cláraithe chun críocha clárú an mhúinteora sin a athnuachan.

(b) Diúltóidh an Chomhairle Mhúinteoireachta clárú múinteora a athnuachan i gcás ina dteipeann ar an múinteoir sin, gan cúis réasúnta, iarratas na Comhairle Múinteoireachta chun dul faoi ghrinnfhiosrúchán a chomhlíonadh.

(c) I gcás ina bhfaigheann an Chomhairle Mhúinteoireachta nochtadh grinnfhiosrúcháin i dtaca le múinteoir chun críocha clárú an mhúinteora sin a athnuachan, seo mar a dhéanfaidh an Chomhairle Múinteoireachta:

 (i) breithneofar, de réir Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001 go 2015, an fhaisnéis sa nochtadh grinnfhiosrúcháin sin chun críocha na Comhairle Múinteoireachta a shásamh gur duine cuí coir é/í an múinteoir lena c(h)lárú a athnuachan.

 (ii) diúltófar clárú an mhúinteora chláraithe a athnuachan i gcás nach bhfuil an Chomhairle Mhúinteoireachta, tar éis an nochtadh a bhreithniú de réir Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001 go 2015, sásta gur duine cuí cóir é/í lena c(h)lárú a athnuachan.

(d) i gcás ina bhfuil an Chomhairle Mhúinteoireachta sásta gur chun leas an phobail é, féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta, ag féachaint don fhaisnéis atá sa nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuair sé chun críocha an clárú a athnuachan, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar chlárú an mhúinteora sin a chur ar fionraí go ceann cibe tréimhse a chinnfidh an Ard-Chúirt. I gcásanna mar sin, ceanglaítear ar an gComhairle Múinteoireachta cinneadh na hArd-Cúirte a chur in iúl don fhostóir ábhartha scoile.

(e) i gcás nach n-athnuann an Chomhairle Mhúinteoireachta clárú múinteora, ní

féidir an múinteoir sin a fhostú i bpost teagaisc a mhaoinítear as airgead poiblí i scoil aitheanta.

4.5 Ba chóir d'údarás scoile agus múinteoirí cláraithe a chur san áireamh, faoi alt 33B de na hAchtanna um Chomhairle Múinteoireachta 2001 go 2015, gur féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta, i gcás ina bhfuil an fostóir ábhartha scoile ar aithne don Chomhairle Mhúinteoireachta, an fhaisnéis sa nochtadh a thabhairt don fhostóir i gcás ina measann an Chomhairle Mhúinteoireachta gur faisnéis í an fhaisnéis atá sa nochtadh a bhféadfadh ábhar imní bona fide éirí as go bhféadfadh an múinteoir–

- dochar a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta,
- dochar a chur á dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta,
- leanbh nó do dhuine soghonta a chur i mbaol
- iarracht a dhéanamh dochar a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta, nó
- duine éigin eile a áiteamh chun dochar a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta.

4.6 I gcás ina gcuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta, ag gníomhú de réir alt 33B de na hAchtanna um Chomhairle Múinteoireachta 2001 go 2015, údarás scoile ar an eolas faoin fhaisnéis i nochtadh grinnfhiosrúcháin, is faoin scoil a bheidh sé, ag féachaint do chosaint leanaí, aon bhearta a mheasann sé atá riachtanach a chinneadh i dtaca le fostú an duine sin sa scoil. I dtaca leis sin, faoin scoil a bheidh sé tosca uile an cháis a bhreithniú, ag tabhairt meáchan cuí do na tosca ábhartha uile, nósanna imeachta cothroma a thionscain don duine i dtrácht, agus féachaint don reachtaíocht ábhartha fostaíochta agus d'aon nósanna imeachta ábhartha araíonachta. Ba chóir d'údaráis scoile a chur san áireamh gur chóir comhairle dlí a iarraidh i gcónaí i gcás den sórt seo.

## Bearta le déanamh ag fostóirí scoile

4.7 Ba chóir d'údaráis scoile a chur san áireamh nach bhfuil aon riachtanas grinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh ann i dtaca le baill d'fhoireann teagaisc scoile –

- tá nochtadh grinnfhiosrúcháin faighte cheana ag an údarás scoile i dtaca leis an múinteoir sin nó
- tá Litir Ghrinnfhiosrúcháin ón gComhairle Múinteoireachta faighte cheana ag an údarás scoile i dtaca leis an múinteoir sin.

4.8 Ba chóir do gach údarás scoile athbhreithniú a dhéanamh anois ar thaifid foirne na foirne teagaisc le fáil amach cé hiad na baill den fhoireann teagaisc a chuaigh faoi ghrinnfhiosrúcháin cheana féin (cibé arbh é an GCVU nó an Biúró a rinne an grinnfhiosrúchán) agus cé hiad na múinteoirí nár rinneadh grinnfhiosrúchán Garda ina leith. Ba chóir d'údaráis scoile liosta a thiomsú de mhúinteoirí cláraithe nár chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi grinnfhiosrúchán go dtí seo agus ba chóir iarraidh ar gach múinteoir ar an liosta –

(a) é a chur in iúl don údarás scoile a luaithe a fhaightear iarratas ar ghrinnfhiosrúchán ón gComhairle Mhúinteoireachta maidir leis nó léi

**agus**

(b) fianaise a chur ar fáil don údarás scoile gur cuireadh an t-iarratas ar ghrinnfhiosrúchán ar aghaidh chuig an mBiúró. Ba cheart é sin a dhéanamh trí chóip d'admháil an Bhiúró ar iarratas ar ghinnfhiosrúchán na Comhairle Múinteoireachta maidir leis nó léi a thabhairt don scoil. Ba chóir cóip den admháil seo a choimeád le haghaidh taifid an údaráis scoile.

4.9 Ar an fhianaise dá dtagraítear in alt 4.8(b) thuas a fháil, is féidir an múinteoir i dtrácht a bhaint de liosta na múinteoirí nach ndeachaigh faoi ghrinnfhiosrúchán Garda roimhe seo (.i. an liosta dá dtagraítear in alt 4.8). De bhrí go bhféadfaí iarraidh ar mhúinteoirí riachtanais grinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh na Comhairle Múinteoireachta a chomhlíonadh uair ar bith idir seo agus deireadh 2017, ba chóir d'údaráis scoile dul i dteagmháil leis na múinteoirí i dtrácht ar bhonn míosúil le cinntiú go mbíonn an liosta chun dáta agus cruinn i gcónaí.

4.10 Gheofar faisnéis bhreise, lena n-áirítear Ceisteanna Coitianta (CC), i dtaca le socruithe na Comhairle Múinteoireachta do ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach múinteoirí cláraithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta. Ó am go chéile, foilsoidh an Chomhairle Mhúinteoireachta nuashonruithe ar a dhul chun cinn ar ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach, lena n-áirítear sonraí líon na daoine a ndearnadh grinnfhiosrúchán ina leith agus líon na ndaoine a bhfuil grinnfhiosrúchán le déanamh fós ina leith faoi na socruithe grinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh. Ba chóir do scoileanna ceisteanna coitianta na Comhairle Múinteoireachta agus nuashonruithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta a léamh agus aird a thabhairt orthu An Comhairle Mhúinteoireachta

4.11 Ba chóir d'údaráis scoile a bheith feasach go bhféadfadh líon beag múinteoirí a bheith ann nár rinne an Chomhairle Múinteoireachta iarratas ar ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach ina leith roimh 31 Nollaig 2017. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás nach bhfreagraíonn múinteoir iarratas ar ghrinnfhiosrúchán ón gComhairle Mhúinteoireachta agus/nó mar ab amhlaidh nach bhfuil i gceist aige nó aici iarratas a dhéanamh ar a c(h)lárú a athnuachan. Ba chóir a chur san áireamh gur féidir le clárú múinteora leanúint ar aghaidh suas go dtí a dáta athnuachana i gcás mar seo, agus nach mbeidh an dáta athnuachana ann go dtí tar éis 31 Nollaig 2017 i gcásanna áirithe. Meastar nach mbeidh sé seo amhlaidh ach amháin i líon fíorbheag cásanna. Foilseoidh an Roinn treoir bhreise maidir le cásanna den sórt sin i bhfómhar 2017.

## Bearta le déanamh ag múinteoirí cláraithe

4.12 Ceanglaítear ar mhúinteoir cláraithe a fuair iarratas ón gComhairle Mhúinteoireachta dul faoi ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach chun críocha a c(h)lárú bliantúil a athnuachan –

(a) é a chur in iúl dá f(h)ostóir scoile a luaithe a fhaightear iarratas ar ghrinnfhiosrúchán ón gComhairle Múinteoireachta maidir leis nó léi

agus

(b) fianaise a chur ar fáil don údarás scoile gur cuireadh an t-iarratas ar ghrinnfhiosrúchán ar aghaidh chuig an mBiúró. Ba cheart é sin a dhéanamh trí chóip d'admháil an Bhiúró ar iarratas ar ghinnfhiosrúchán na Comhairle Múinteoireachta maidir leis nó léi a thabhairt don údarás scoile.

4.13 Is den tábhacht é go ndéanfadh múinteoirí cláraithe na bearta thuas le cinntiú nach mbíonn ar an údarás scoile iarraidh ar an múinteoir dul faoi ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach chun críocha alt 21 den Acht Grinnfhiosrúcháin.

4.14 Ba chóir do mhúinteoirí cláraithe a bheith ar an eolas go ndiúltóidh an Chomhairle Mhúinteoireachta, faoi Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001 go 2015 clárú múinteora a athnuachan i gcás ina dteipeann ar an múinteoir sin, gan cúis réasúnta, iarratas na Comhairle Múinteoireachta chun dul faoi ghrinnfhiosrúchán a chomhlíonadh. Is den tábhacht é, mar sin, go gcinnteodh múinteoirí cláraithe go gcomhlíonann siad go hiomlán agus go pras iarratas ón gComhairle Mhúinteoireachta chun dul faoi ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach chun críocha athnuachan bliantúil a gclárú. Maidir leis seo, ba chóir do mhúinteoirí a bheith ar an eolas gur féidir go ndéanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta teagmháil le múinteoirí aonair uair ar bith idir seo agus deireadh 2017. Is faoi mhúinteoirí aonair a bheidh sé a chinntiú go gcomhlíonann siad na riachtanais ábhartha, lena n-áirítear aon riachtanais grinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh, maidir le huathnuachan a gcláraithe. Faoi alt 30 d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001 go 2015 ní mór do dhaoine atá fostaithe mar mhúinteoirí i scoileanna aitheanta a bheith cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta ach amháin i gcásanna áirithe teoranta forordaithe, chun go n-íocfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna nó Bord Oideachais agus Oiliúna iad as airgead poiblí. Ba chóir do mhúinteoirí cláraithe faisnéis maidir leis an bpróiseas grinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh a léamh ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta An Comhairle Mhúinteoireachta Anuas air sin, moltar do mhúinteoirí cláraithe ailt 4.4 go 4.6 den chiorclán a léamh, leis.

## 5. Grinnfhiosrúchán cúlshabhálach fostaithe neamhtheagaisc agus daoine nach fostaithe iad

5.1 Ba chóir d'údaráis scoile a chur san áireamh nach bhfuil aon riachtanas grinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh ann faoi Acht Grinnfhiosrúcháin i dtaca le baill d'fhoireann neamhtheagaisc na scoile nó le daoine nach fostaithe iad atá fostaithe nó fostaithe ar conradh ag an scoil chun gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí ábhartha le leanaí nó daoine soghonta nó a gceadaítear dóibh gabháil d'obair den sórt sin thar ceann na scoile sna cásanna seo a leanas –

- tá nochtadh grinnfhiosrúcháin faighte cheana féin ag an údarás scoile i dtaca leis an duine i dtrácht nó
- tá toradh GCVU faighte cheana féin ag an údarás scoile i dtaca leis an duine i dtrácht.

5.2 D'fhonn daoine ar gá grinnfhiosrúchán cúlghabhálach a dhéanamh maidir leo, ba chóir do gach údarás scoile athbhreithniú a dhéanamh anois ar a thaifid na foirne neamhtheagaisc agus ar thaifid ábhartha eile i gcás –

(a) gach ball den fhoireann neamhtheagaisc a ghabhann d'obair nó do ghníomhaíochtaí ábhartha,

(b) gach duine atá fostaithe ar conradh ag an scoil chun gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí ábhartha, **agus**

(c) gach duine atá ceadaithe ag an scoil chun gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí ábhartha thar ceann na scoile

iad siúd a ndearnadh grinnfhiosrúchán Garda orthu cheana agus iad siud nár rinneadh.

5.3 Ba chóir d'údaráis scoile liosta a thiomsú díobh siúd (daoine a aithníodh faoi 5.2 thuas) nár rinneadh grinnfhiosrúchán orthu go fóill agus nach mór, mar sin, grinnfhiosrúchán cúlghabhálach a dhéanamh orthu, mar sin. Agus an liosta seo á thiomsú, ní mór d'údaráis scoile ceann a thógáil den fhaisnéis i roinn 5.5 den chiorclán seo agus a chur san áireamh, leis, de réir alt 3 den Acht Grinnfhiosrúcháin, nach bhfuil aon riachtanas grinnfhiosrúcháin cúlghabhálach nó eile faoin Acht i dtaca le daoine a chuidíonn le scoil ar bhonn ócáideach agus neamhíoctha ar choinníoll nach mbíonn cóitseáil, meantóireacht, comhairleoireacht, múineadh nó oiliúint leanaí nó daoine soghonta i gceist sa chuidiú sin.

5.4 Ní mór d'údaráis scoile a chinntiú go ndéantar iarratas ar ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach i gcás gach duine ar an liosta dá dtagraítear i roinn 5.3 roimh an 31 Nollaig 2017. I gcás ina gcuireann an oifig ábhartha deoiseach, bord bainistíochta nó BOO mar is cuí, an t-iarratas ar ghinnfhiosrúchán ar aghaidh chuig an mBiúró, is féidir ainm an duine a bhaint den liosta dá dtagraítear i roinn 5.3 thuas. Leagtar amach i roinn 6.5 den chiorclán seo na socruithe praiticiúla maidir le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach ar bhaill foirne neamhtheagaisc agus ar dhaoine nach fostaithe iad.

## Grinnfhiosrúchán cúlghabhálach i gcás ina bhfuil dhá eagraíocht nó níos mó ná sin bainteach leis

5.5 I gcás ina bhfuil scoil agus eagraíocht ábhartha eile araon bainteach i bhfostú, conrú nó ceadú duine chun gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí ábhartha, ba chóir go gcuirfeadh an t- údaras scoile san áireamh nach gcuireann Alt 21 den Acht Grinnfhiosrúcháin aon oibleagáid ar an údarás scoile iarratas ar ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach a dhéanamh i dtaca leis an duine sin, sna cásanna seo a leanas –

- tá nochtadh grinnfhiosrúcháin faighte cheana féin ag an údarás scoile <u>nó</u> ag an eagraíocht ábhartha sin ón mBiúró i dtaca leis an duine i dtrácht nó
- tá toradh GCVU faighte cheana féin ag an údarás scoile <u>nó</u> ag an eagraíocht ábhartha sin i dtaca leis an duine i dtrácht.

## 6. Socruithe praiticiúla maidir le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach Múinteoirí Cláraithe

6.1 Mar a luaitear in alt 4.1 den chiorclán seo, déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta grinnfhiosrúchán cúlghabhálach ar mhúinteoirí cáilithe nár rinneadh grinnfhiosrúchán orthu roimhe seo i gcomhthéacs athnuachan bliantúil an chláraithe. Beidh an Chomhairle Mhúinteoireachta ag gabháil don ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach seo ar bhonn leanúnach idir seo agus deireadh 2017 de réir sceidil atá cinnte chuige sin ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Nuair a fhaigheann an Chomhairle Mhúinteoireachta nochtuithe grinnfhiosrúcháin maidir leis seo, cuirfear iad ar chlár leictreonach na Comhairle Múinteoireachta agus is féidir, le toiliú an mhúinteora i dtrácht, é a chur ar fáil ar an ngnáthshlí d'aon fhostóir scoile, nuair is gá.

6.2 Is den riachtanas a chur san áireamh, le cois grinnfhiosrúchán cúlghabhálach a dhéanamh ar a

shon féin do chuspóirí cláraithe, go leanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta den ról idirghabhála atá aige faoi láthair d'fhostóirí scoile i gcás inar gá nochtadh grinnfhiosrúcháin do mhúinteoirí cláraithe (lena n-áirítear múinteoir nár rinneadh grinnfhiosrúchán ina leith roimhe seo agus nár iarraidh air/uirthi fós dul faoi ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach chun críocha cláraithe) chun críocha chiorclán 0031/2016 m.sh. i gcás ina dteastaíonn nochtadh ón mBiúró ó mhúinteoir cláraithe le haghaidh fostaíocht nua.

6.3 Tá sé curtha in iúl don Bhiúró ag an gComhairle Mhúinteoireachta, de reir ailt 8 agus 13 den Acht Grinnfhiosrúcháin, go ndéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta, ina cháil mar idirghabhálaí do scoileanna agus BOOnna, ionadaíocht do gach scoil aitheanta agus do gach ceann de na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna).

6.4 I gcás ina ndéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta iarratas ar ghrinnfhiosrúchán ina ról mar idirghabhálaí, déanann sí amhlaidh thar ceann gach scoil aitheanta nó BOO. Féadfaidh aon scoil nó BOO ar mian leo an múinteoir i dtrácht a fhostú dá éis, le toiliú an mhúinteora i dtrácht, dul chuig an nochtadh i dtrácht trí chlár leictreonacha na Comhairle Múinteoireachta.

### Baill den fhoireann neamhtheagaisc agus daoine nach fostaithe iad

6.5 I gcás daoine seachas múinteoirí cláraithe, gníomhóidh an oifig deoiseach nó comhlacht bainistíochta scoile ábhartha mar idirghabhálaí do scoileanna maidir le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach ar dhaoine dá sórt agus i gcás scoileanna BOO is é an BOO an eagraíocht ábhartha i gcásanna mar sin.

6.6 Is den tábhacht é a chur san áireamh go leanfaidh oifigí deoise, comhlachtaí bainistíochta nó BOOnna ábhartha ar aghaidh ina róil reatha mar idirghabhálaithe d'údaráis scoile, le cois gníomhú mar idirghabhálaí maidir le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach chun críocha alt 21 den Acht Grinnfhiosrúcháin, i gcás inar gá nochtadh grinnfhiosrúcháin i dtaca le baill den fhoireann neamhtheagaisc nó daoine nach fostaithe iad chun críocha chiorclán 0031/2016, m.sh. nuair is gá i gcás fostú, conradh, cead nó socrúchán nua.

### Faisnéis agus a úsáid agus a nochtadh i nochtadh grinnfhiosrúcháin

6.7 Foráiltear in Alt 16 den Acht Grinnfhiosrúcháin gur cion coiriúil é d'eagraíocht ábhartha (údarás scoile san áireamh) faisnéis i nochtadh grinnfhiosrúcháin a úsáid nó a nochtadh ar shlí ar bith seachas de réir an Acht Ghrinnfhiosrúcháin nó mar a údaráitear de réir dlí.

6.8 Is den tábhacht é an rúndacht i bpróiseáil na n-iarratas ar ghrinnfhiosrúchán. Is den tábhacht é a chinntiú go mbíonn na socruithe slándála cuí i bhfeidhm ag gach céim den phróiseas grinnfhiosrúcháin chun slándáil, rúndacht agus iomláine shonraí pearsanta na n-iarratasóirí a chosaint. Ní mór gach sonraí a bhainistiú laistigh d'fhorálacha reachtúla na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

## 7. Measúnú ar nochtaí le linn grinnfhiosrúchán cúlghabhálach

7.1 I gcás ina bhfaigheann údarás scoile nochtadh grinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh, féadfaidh sé, de réir alt 16 den Acht Grinnfhiosrúcháin, an fhaisnéis sa nochtadh grinnfhiosrúcháin sin a bhreithniú agus a chur san áireamh chun a oiriúnaí atá an duine i dtrácht chun gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí ábhartha a mheasúnú.

7.2 I gcás ina mbíonn taifid choiriúla nó faisnéis shonraithe san áireamh i nochtadh, is príomhcheist d'údarás na scoile é a chinneadh cibé an bhfágfadh an fhaisnéis nó nach bhfágfadh go raibh an duine neamhoiriúnach chun gabháil d'obair no do ghníomhaíochtaí ábhartha le leanaí nó daoine soghonta. Ba cheart An chéad slat tomhais agus a thábhachtaí atá an fhaisnéis sa nochtadh á mheasúnú ná a mhéad a bhaineann sé cosaint leanaí. Is den riachtanas é cur chuige oibiachtúil agus cothromaithe a ghlacadh sa mhéid seo.

7.3 Is faoin scoil a bheidh sé breithiúnas a dhéanamh maidir le hoiriúnacht duine agus aon bheart a bhraitheann sé a bheith riachtanach a dhéanamh i dtaca le hobair leanúnach an duine sin sa scoil. I dtaca leis sin, faoin údarás scoile a bheidh sé gach tosca sa chás a bhreithniú, ag tabhairt meáchan cuí do na tosca ábhartha uile, nósanna imeachta cothroma a thairiscint don duine i dtrácht, agus féachaint don reachtaíocht ábhartha fostaíochta agus d'aon nósanna imeachta ábhartha araíonachta. Ba chóir d'údaráis scoile a chur san áireamh gur chóir comhairle dlí a iarraidh i gcónaí i gcás den sórt seo.

## 8. Ceisteanna Coitianta

8.1 Tá doiciméad ceisteanna coitianta foilsithe ag an Roinn ar a suíomh gréasáin mar chuidiú d'údaráis scoile maidir le haon cheist a d'éireodh as an gciorclán seo. Tabharfar é seo chun dáta de réir mar is gá.

8.2 I gcás baill den fhoireann neamhtheagaisc agus daoine nach fostaithe iad, ba chóir ceisteanna i dtaca le hiarratais aonair ar ghrinnfhiosrúchán a tharraingt anuas ar an gcéad dul síos leis an eagraíocht chláraithe i dtrácht, .i. an oifig deoiseach, comhlacht bainistíochta nó BOO i dtrácht.

8.3 Ba chóir ceisteanna ó mhúinteoirí cláraithe maidir le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh na Comhairle Múinteoireachta a thógáil anuas leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

8.4 Ba cheart ceisteanna ginearálta i dtaobh an chiorcláin seo a chur i r-phost chuig an Roinn ag:

schoolgovernance@education.gov.ie

## 9. Scaipeadh

9.1 Ba cheart cóip den chiorclán seo a chur ar fáil don bhaill an Bhoird Bhainistíochta agus do gach ball d'fhoireann na scoile. Ba cheart cóip a chur ar fáil, leis, do Chumann na dTuismitheoirí. Gheofar cóip den chiorclán seo ar shuíomh idirlín na Roinn Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie Gheofar leagan Béarla den chiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
Rannóg Rialachas Scoile

Feabhra 2017